

SCÉAL, SCÉAL, SCÉAL...

scéilíní, nuáiocht agus fógraí as Cois Fharraige

13 Meitheamh 2024

Eagrán 200



Obair an phortaigh faoi lán-tseoil
Grianghraf: Johanna Ní Mháille

Charlie Lennon RIP

Bhásaigh Charlie Lennon, duine de na ceoltóirí ba mhó aithne air sa tír, agus a raibh cónaí air ar an gCnocán Glas sa Spidéal, ar an Satharn 8 Meitheamh.

Fidiléara cumasach agus cumadóir bisíúil ab ea Charlie, a rugadh agus a tógadh i measc clainne fíor-cheolmhar i gCoillte Clochair i gContae Liatroma. Thug sé an ceol dúchasach leis ón teallach ach rinne sé staidéar ar an veidhlín clasaiceach agus ar armóiní snagcheoil ina dhiaidh sin.

Chuir Charlie comaoin mhór ar phobail cheoil na hÉireann as an méid foinn a chum sé; neart acu le cloisteáil á gcasadh go rímhinic ag seisiúin ceoil. D'fhoilsigh sé DVD teagaisc, *Irish Fiddle Complete Technique*, sa mbliain 2007. Chum sé píosaí ceoil aonair agus sraitheanna ceoil a cóiríodh do cheolfhoirne, a bhfuil *Bainis Oileáin* ar cheann de na cinn is cáiliúla díobh.

Ní hamháin gur sárhidiléara ab ea é, ba thionlacaí den scoth ar an bpianó é freisin agus thaifead sé tionlacan ar bhreis is 25 albam. Is iomaí sin ceoltóir a ndearna sé taifeadadh leo – Joe Burke, Séamus Connolly, Matt Molloy, Sean-Johnny agus Johnny Óg Connolly... – agus is iomaí ceoltóir a chuir a chuid ceoil ar a gcuid foilseacháin – Frankie Gavin, Matt Molloy, Liam Ó Floinn, Kevin Burke, De Dannan, The Waterboys, Sharon Shannon agus Altan ina measc.

Chum Charlie ceol Aifrinn *Aifreann Chaomháin*, a chloistear go minic ag Aifreann an Domhnaigh sa Spidéal. Bhronn TG4 gradam Chumadóir na Bliana air in 2006.



Charlie Lennon
Grianghraf: Seán Ó Mainín

Bhí Charlie pósta le Síle Tim Ní Fhlaithearta as Baile an tSléibhe, sa Spidéal. Bhog siad go dtí an Spidéal ó Bhaile Átha Cliath thart ar chúig bliana fichead ó shin agus chuir siad beirt go mór le saol an phobail ó shin. Bhíodh Charlie le cloisteáil go rialta ag seisiún an cheantair agus ba mhór a spreag sé ceoltóirí na háite. Bhunaigh sé féin agus a chlann Stiúideo Cuan, an stiúideo taifeadta agus an t-ionad ealaíne atá lonnaithe ó thuaidh de cheardlann an Spidéil.

Déanann muid comhbhrón ó chroí le Síle, Éilís, Seán agus Dónal, a gcéilí agus a gcuid gasúr ar bhás Charlie. Ceol na bhFlaitheas go gcloise sé.

Comhairle Raidió na Gaeltachta

Tá RTÉ sa tóir ar dhaoine le hionadaíocht a dhéanamh thar ceann lucht éisteachta Raidió na Gaeltachta ar Chomhairle **RTÉ Raidió na Gaeltachta**.

Tabharfaidh baill na Comhairle a gcuid tuairimí maidir le hinniúlacht, tionchar agus caighdeán chláracha RTÉ Raidió na Gaeltachta agus, má thograíonn siad, déanfaidh siad moltaí cuí. Trí bliana an téarma atá i gceist agus bíonn ceithre chruinniú in aghaidh na bliana ag an gComhairle.

Ní íoctar tuarastal i leith ballraíochta ach íoctar costais taistil le freastal ar chruinnithe de réir bheartas RTÉ.

Aon nduine dhéag atá le ceapadh ar an gComhairle; ball foirne amháin de chuid RTÉ Raidió na Gaeltachta ina measc.

Más suim leat a bheith ar Chomhairle RTÉ Raidió na Gaeltachta, seol d'ainm,

do sheoladh, d'uimhir ghutháin agus do sheoladh ríomhphoist, mar aon le cur síos ar an gcúis gur mhaith leat a bheith ar an gComhairle agus an taithí atá agat a chuideodh leat sa ról, chuig **comhairle@rte.ie**.

Is í an Aoine, an 28ú Meitheamh 2024, ag a 5 i.n. an spriocdháta.



Campaí Samhraidh

Tá an-éileamh ar na campaí samhraidh atá eagraithe ag an bhFóram don samhradh. Dhá théama atá i gceist: **drámaíocht i mí Iúil** agus **spraoi i mí Lúnasa**.

Tá dhá champa drámaíochta ann. Tá Ruaille Buaille 2 sna Forbacha (páistí idir 3–6 bliain) lán anois **ach tá roinnt spásanna fós ar fáil i Ruaille Buaille 1** (páistí idir 7–12 bliain). Beidh sé seo ar siúl ar feadh coicíse i Seanscoil Sailearna idir 1–12 Iúl.

Tá roinnt spásanna fós ar fáil sa dá champa spraoi sa Spidéal, idir 5–16 mí Lúnasa.

Seol teachtaireacht chuig **optchoisfharraige@gmail.com** más mian leat clárú.

Tá an Fóram buíoch do **Mhuintearas** as a gcuid tacaíochta leis na campaí a reáchtáil.

Maith an Cailín, a Niamh!



Treise leo ar fad!

Comhghárdeachas mór millteach le Niamh Ní Ghionnáin, ó Chumann Mhicheál Breathnach, a bhí ar fhoireann F14 na Gaillimhe, a bhuaigh Craobh na hÉireann i gcoinne an Chábháin le gairid. Comhghárdeachas, freisin, le Brenda Uí Dhroighneáin, CLG an Spidéil, a bhí ar fhoireann bhainistíochta na foirne.

Aistear na nGael

A dhéagóirí!

Tapaigí an deis seachtain bhríomhar, chairdiúil, spórtúil a chaitheamh le déagóirí as ceantair Ghaeltachta eile.

Ní mór **an fhoirm iarratais seo** a líonadh le spéis a léiriú agus áit a fháil ar an gcúrsa. Déan deifir – líon teoranta spásanna atá acu.

Cuirfidh Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga €150 an duine ar fáil do bheirt as LPT Chois Fharraige le dul ar an Aistear.

Seolaigí teachtaireacht chuig **optchoisfharraige@gmail.com** le do spéis a léiriú sa deis iontach seo, nach bhfuil rófhada uainn i gCois Fharraige i mbliana!


28 Iúil - 4 Lúnasa 2024

Aistear na nGael

do dhéagóirí na Gaeltachta (14 - 16bl)

Campa seachtaine i gConamara





Fáilte roimh dhéagóirí ó chuide Ghaeltacht ach Gaeilge a bheith mar príomhtheanga acu

Lóistín le Mná Tí
Spásanna Teoranta
Costas €500
Scoláireachtaí €400 ar fáil



Céim 1: Spéis a léiriú ar colaistenanoilean.ie

Céim 2: Agallamh fóin neamhfhoirmeálta

Céim 3: Clárú



Is féidir ceisteanna a sheoladh chuig aibhceann2024@gmail.com

Amuigh 24 – Féile don Óige

Is clár cultúr-bhunaithe é Éire Ildánach, atá leagtha amach le folláine an duine aonair, an phobail agus an náisiúin a chur chun cinn. Is í fíís Éire Ildánach go mbeadh an deis ag gach uile duine a bhfuil cónaí orthu in Éirinn an cumas cruthaitheachta atá acu a bhaint amach.

Eagraíonn Éire Ildánach Cruinniú na nÓg i gcomhar le húdaráis áitiúla agus le RTÉ le Clár na nÓg a chur i bhfeidhm. Is í Éire an chéad agus an t-aon tír ar domhan a bhfuil lá náisiúnta d'imeachtaí cruthaitheacha saor in aisce ar fáil do dhaoine faoi ocht mbliana déag. Tá Cruinniú na nÓg, i gcomhar le Fíbin agus Cúla 4, ag eagrú **Amuigh 24** ar an Tulach ar an 15 Meitheamh, anseo inár Limistéar Pleanála Teanga féin.

Is féile aon lae í seo, atá dírithe ar ghasúir ón gcliabhán go hocht mbliana déag. Déanfar ceiliúradh ar chruthaitheacht, ealaín agus taibhléiriú na n-óg. Beidh réimse leathan gníomhaíochtaí is siamsaíochta ar fáil ag Amuigh 24 agus é dírithe ar thrí aoisghrúpa ar leith: 0–5 bliana, 6–12 bhliain 7 13–18 mbliana d'aois.



Cinntoidh an clár cuimsitheach go mbeidh deis ag an lucht freastail a bheith rannpháirteach i gceardlanna idirghníomhacha, chomh maith le taitneamh a bhaint as léirithe ealaíne agus ceol beo. Ardán tábhachtach a bheidh sa bhféile do dhaoine óga lena gcuid cruthaitheachta féin, a dtallann agus a gcuid scileanna ealaíne a chur i láthair.

Beidh **saorchead isteach** ag an bpobal ag an bhféile seo, a bhfuil tacaíocht aici ó Roinn na Gaeltachta, ach beidh ar theaghlaigh, grúpaí agus daoine óga clárú don ócáid.

Is féidir tuilleadh eolais agus ticéid a fháil ar suíomh Éire Ildánach.

Cuir an dáta do Amuigh 24 ar 15 Meitheamh 2024 sa dialann!

Tacaíochtaí ó Ealaín na Gaeltachta – Oíche Chultúir

Is ócáid náisiúnta bhliantúil í an **Oíche Chultúir**, a thugann ardán do shaol cultúrtha na tíre seo agus a thugann deis faoi leith don phobal a bheith páirteach, saor in aisce, in imeachtaí cultúrtha, ealaíon 7 oidhreacht.



Ar an Aoine **20 Meán Fómhair** a bheas Oíche Chultúir na bliana seo ar siúl.

Tá **Ealaín na Gaeltachta** ag fáiltiú roimh iarratais ó dhaoine aonair agus ó ghrúpaí

ar mian leo imeacht a eagrú, a bheidh ar siúl sa nGaeltacht mar chuid d'Oíche Chultúir 2024. Cuirfear uasmhéid de €1,000 ar fáil, agus mar gur buiséad teoranta atá sa scéim seo ní féidir glacadh leis go mbeidh maoiniú / an t-uasmhéid ar fáil d'aon togra.

Tabharfar tús áite do ghrúpaí is do dhaoine aonair a dhéanann ceangal agus comhoibriú le grúpaí eile le himeachtaí a reáchtáil i dteannta a chéile ionas gur féidir leis an bpobal an tairbhe is mó a bhaint as an Oíche.

Caithfidh an imeacht a bheith cruthaitheach, samhlaíoch, ar ardchaighdeán agus saor in aisce don phobal. Caithfidh an Ghaeilge a bheith lárnach ann agus caithfidh ealaíontóirí gairmiúla a bheith páirteach ann.

Ní mór **an fhoirm seo** a líonadh agus a sheoladh chuig **b.oflatharta@udaras.ie**, áisitheoir ealaíne Chonnacht in oifigí an Údaráis, roimh an **5 Iúil 2024**.

Tacaíochtaí ó Ealaín na Gaeltachta – Scéim Oiliúna

Tacaíonn scéim oiliúna Ealaín na Gaeltachta le deiseanna oiliúna agus traenála a bhaineann le cleachtas agus gairm ealaíon a fhorbairt agus le deiseanna maidir le cumasú agus dea-chleachtas a fhorbairt in earnáil na n-ealaíon sa nGaeltacht.

Bíonn maoiniú suas le €1,000 ar fáil

Spriocdháta leanúnach atá ag an scéim seo.

